**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000052/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Cristian-Silviu Buşoi**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Taighdeoirí óga

An 13 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún sraith beart chun feabhas a chur ar ghairmeacha taighde san Eoraip. Áirítear leis sin togra le haghaidh moladh ón gComhairle lena mbunaítear creat nua Eorpach do ghairmeacha taighde, cairt nua do thaighdeoirí, lena gcuirfear prionsabail nua agus athbhreithnithe in ionad Chairt agus Chód 2005 do Thaighdeoirí, agus creat Eorpach inniúlachta do thaighdeoirí (ResearchComp), chun tacú le soghluaisteacht idirearnálach.

Constaic mhór roimh Limistéar Eorpach Taighde rathúil a fhorbairt is ea an staid dhúshlánach agus fhorbhásach atá roimh thaighdeoirí óga san Eoraip. Áirítear leis sin deacrachtaí móra maidir le post buan acadúil a fháil agus constaicí suntasacha don tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta. Thug an Coimisinéir nua um Thaighde agus Nuálaíocht, Iliana Ivanova, gealltanas réitigh nua a fhorbairt ar na fadhbanna a bhíonn ag taighdeoirí óga san Aontas le linn na héisteachta ITRE-CULT (An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh; An Coiste um Chultúr agus um Oideachas) an 5 Meán Fómhair 2023.

1. Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh an Coimisiún chun tacú le taighdeoirí gairmréime luath-chéime agus chun gairm san Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí agus níos mealltaí do thaighdeoirí óga?

2. Cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun bonn leathan tallainne a áirithiú don taighde eolaíoch, lena dtugtar aghaidh ar na fadhbanna a bhaineann le neamhionannas réigiúnach agus inscne i ngairmeacha eolaíochta luathchéime?

3. Cad iad na bearta eile is féidir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun cabhrú le taighdeoirí óga déileáil le staideanna forbhásacha agus éiginnteachta airgeadais, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le imeallú sóisialta agus freagrachtaí cúraim, mar a léiríodh le linn phaindéim COVID-19?

4. Cad iad na gníomhaíochtaí breise is féidir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime inscne in ábhair ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic), chomh maith le feabhas a chur ar tharraingteacht na ngairmeacha taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí, arb iad is mó atá thíos le heasnaimh chistiúcháin i roinnt mhaith Ballstát?

5. Conas is féidir leis an gCoimisiún feabhas a chur ar shoghluaisteacht idirearnálach taighdeoirí óga, agus ag an am céanna a áirithiú go mbeidh bealach inmharthana tarraingteach ag na daoine is tiomanta chun leanúint ar aghaidh san Eoraip mar phríomhthaighdeoirí ina réimse acadúil?

6. An ndéanfaidh an Coimisiún bearta breise ina chláir taighde agus nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar éiginnteacht fostaíochta na dtaighdeoirí luathchéime, chomh maith le cineál ilghnéitheach na faidhbe ‘imirce daoine oilte’, a bhfuil taighdeoirí óga den scoth tar éis an Eoraip a fhágáil do thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach, cé go bhfuil sé d’oibleagáid ar thaighdeoirí eile a mBallstát a fhágáil le haghaidh tír eile san Aontas a chuireann bealach níos inbhuanaithe i dtreo gairm sa taighde ar fáil?

7. An bhfuil an Coimisiún ag dréim le ról na hinfheistíochta poiblí i dtaighde Eorpach a threisiú, go háirithe i bhfianaise na srianta airgeadais a fhorchuirtear mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil?

Curtha síos: 26.10.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 27.1.2024